

Comhairle do dhaoine a bhfuil riosca níos airde ag baint le COVID-19 dóibh



Cé hiad na daoine a bhfuil riosca níos airde ann dóibh?

Tá riosca níos airde ann go mbeadh breoiteacht thromchúiseach ort de dheasca COVID-19 más rud é:

- go bhfuil tú 75 bliain d'aois nó os a chionn, fiú má tá tú vacsaínithe go hiomlán
- go bhfuil tú 65 bliain d'aois nó os a chionn agus riocht sláinte ort a fhágann go bhfuil riosca níos airde ann duit, fiú má tá tú vacsaínithe go hiomlán
- go bhfuil tú 65 bliain d'aois nó os a chionn agus nach bhfuil tú vacsaínithe go hiomlán
- go bhfuil tú imdhíon-lagaithe agus córas lag imdhíonachta agat
- go bhfuil riocht sláinte ort a fhágann go mbeadh riosca ní b'airde ann duit agus nach bhfuil tú vacsaínithe go hiomlán

Déan teagmháil le do dhochtúir teaghlaigh nó le dochtúir ar bhonn práinne má tá riosca níos airde ag baint le COVID-19 duit agus:

- má tá siomptóim COVID-19 ort, nó
- má tá tú tar éis toradh deimhneach a fháil ar thástáil PCR nó antaigine

Beidh do dhochtúir teaghlaigh nó do lia comhairleach agus a fhoireann in ann cóireáil a mholadh duit. Is fearr a oibríonn roinnt cóireálacha nuair a thugtar gan mhoill iad agus, mar sin, dá luaithe a thosaíonn tú ar an gcóireáil is ea is fearr é.

Cén chaoi ar féidir an riosca go mbeadh breoiteacht thromchúiseach ort a laghdú?

1. Déan cinnte go bhfuil tú suas chun dáta leis na vacsaíní go léir atá molta duit, lena n-áirítear do vacsaíní agus teanndáileoga COVID-19 agus do vacsaíní fliú.
2. Ná déan moill má thagann siomptóim COVID-19 ort – fan sa bhaile agus déan tástáil má mholtar duit déanamh amhlaidh.
3. Breac síos na cógais a ghlacann tú go rialta.
4. Cosain thú féin ó lá go lá – cuir ort masc aghaidhe, in áiteanna plódaithe go háirithe, nigh do lámha agus lig aer úr isteach i do theach.

5. Más féidir, fan amach ó dhaoine a bhfuil siomptóim tinnis riospráide orthu agus iarr orthu siúd ar mian leo cuairt a thabhairt ort sa bhaile a gcuairt a chur siar mura bhfuil siad ag aireachtáil go maith.

Leis an gcomhairle is déanaí a fháil maidir le vacsaíní agus tástálacha COVID-19, téigh chuig [hse.ie](https://www.hse.ie).

Cóireáil le haghaidh COVID-19

I gcás daoine atá i mbaol breoiteacht thromchúiseach de dheasca COVID-19, d'fhéadfadh sé go molfai cóireálacha ar leith dóibh. Tá na cóireálacha dírithe orthu siúd a bhfuil riosca níos airde ann dóibh:

- ar tháinig siomptóim COVID-19 orthu le 5 lá anuas,
- a fuair toradh deimhneach ar thástáil PCR nó antaigine am éigin le 5 lá anuas, agus
- atá 12 bhliain d'aois nó os a chionn agus a bhfuil 40kg (6.3 cloch) ar a laghad de mheáchan iontu

Tá Paxlovid i measc na gcóireálacha atá ar fáil, ar cógas de bhéal é a ghlactar mar tháibléad. Níl Paxlovid oiriúnach ach do dhaoine atá 18 mbliana d'aois agus os a chionn. Is féidir le do dhochtúir teaghlaigh é a fhorordú agus is féidir é a fháil ansin ó chógaslann.

D'fhéadfadh sé go gcuirfí Paxlovid ar fáil duitse más rud é:

- go bhfuil tú vacsaínithe agus tú 75 bliain d'aois nó os a chionn
- go bhfuil tú vacsaínithe, 65 bliain d'aois nó os a chionn agus fachtóirí riosca breise ag baint leat

Tá cógais eile ar fáil do dhaoine san ospidéal. Cuirfidh do dhochtúir nó do lia comhairleach in iúl duit más rud é go mbeadh na cógais sin oiriúnach duit.

Tosú ar chóireáil COVID-19

Má shocraíonn do dhochtúir gur cheart tú a chóireáil, tosóidh tú ar cheann de na cóireálacha molta a luaithe is féidir. Tabharfaidh do dhochtúir agus a fhoireann tuilleadh eolais duit agus freagróidh aon cheist atá agat.

D'fhéadfadh sé go bhfafróidís díot cé na cógais eile a ghlacann tú, lena n-áirítear aon leigheasanna luibhe, vitimíní nó forlontaí. Bheadh sé ina chuidiú dá mbreacfa síos na cógais go léir a ghlacann tú go rialta le go mbeadh do dhochtúir teaghlaigh nó do chógaiseoir in ann breathnú tríothu.

Na cóireálacha atá ar fáil, b'fhéidir nach n-oirfidís do gach duine. Más rud é nach moltar cóireáil in aghaidh COVID-19 duitse, cuirfidh do dhochtúir an cúram cuí ar fáil duit bunaithe ar an riocht agus ar na siomptóim atá ort.

Cuirtear cóireáil in aghaidh COVID-19 ar fáil saor in aisce trí FSS má mholtar a leithéid duit.

Tuilleadh eolais

Le tuilleadh eolais a fháil maidir le vacsaíní, tástáil agus cóireáil COVID-19, téigh chuig www.hse.ie/coronavirus nó cuir glao ar HSELive ar **1800 700 7000**.



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland